

Preasráiteas

03.11.11

Tá fáilte curtha ag an Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin roimh na socraithe atá déanta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta d'athbhreithniú ar Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

Dúirt sé go raibh deis stairiúil idir seo agus 31 Eanáir 2012 ag an bpobal moltaí a chur faoi bhráid na Roinne le cinntiú go mbeadh Acht ann a bheadh oiriúnach dá fheidhm agus a d'fhreastalódh go cuí ar mhianta an phobail teanga agus a chinnteodh go raibh brí á tabhairt don fhoráil bhunreachtúil gurbh í an Ghaeilge an phríomhtheanga oifigiúil ós í an teanga náisiúnta í.

Tá gach eolas faoin athbhreithniú, san áireamh suirbhé agus deis le h-aighneacht a chur faoi bhráid na Roinne, i nGaeilge nó i mBéarla, ar fáil ar an nasc seo chuig suíomh gréasán na Roinne:

<http://www.ahg.gov.ie/ie/AnGhaeilge/AchtnadTeangachaOifigiula2003/>

Tá moltaí an Choimisinéara Teanga féin, a foilsíodh ar an 05 Iúil 2011, le fáil ar an nasc seo:

http://www.coimisineir.ie/downloads/ATHBHREITHNIUarACHTnadTEANGACHAOIFIGIULA_OifiganChoimisinearaTeanga.pdf

(Críoch)